

|                     |  |                                 |
|---------------------|--|---------------------------------|
| <b>Preasráiteas</b> | <b>Tuilleadh eolais:</b>   | <b>*Leagan Béarla ar lch. 3</b> |
| Press Release       | <a href="mailto:gailgeiorrais@gmail.com">gailgeiorrais@gmail.com</a> | <b>English summary on pg 3.</b> |
| 30.01.2024          | <b>097-29023</b>   |                                 |

## **Lá mór ag páistí na hEachléime agus ag Craobh Chlann Lir ag Ceol an Gheimhridh**

Ba mhaith le Gaeilge Iorrais comhghairdeas ó chroí agus bualadh bos mór a thabhairt do chuile pháiste ón nGaeltacht seo a ghlac páirt i gCeol an Gheimhridh ar an 20 Eanáir 2024. Bhí an ócáid seo faoi choimirce Comhaltas Ceoltóirí Éireann Mhaigh Eo agus faoi stiúir CCÉ Mhichael Davitt i mBéal Átha na Muice.

Ghlac cúigear buachaillí agus naonúr cailíní (is é sin ceathrar déag ó CCÉ Craobh Chlann Lir i nGaeltacht Iorrais) páirt i gcomórtais éagsúla (amhránaíocht ar an sean-nós, aithriseoireacht, scéalaíocht agus ceol uirlise) in aoisghrúpaí difriúla (ó aois 7 go 13 d'aois) agus réimse maith acu ann ó rang a haon sa bhunscoil go bliain a haon san iarbhunscoil. Comhghairdeas le chuile hiomaitheoir ón nGaeltacht seo; Caolán Ó Monacháin, Fionn Ó hIarbháin, Jamie Ó Ciaráin, Paddy Ó hIarbháin, Seán Ó Monacháin, Alyssa Ní Fhearghaill, Aoibhinn Ní Mhonacháin, Ava Ní Fháthaigh, Cara Ní Ghiollabháird, Eimear de Róiste, Lauryn Ní Fhearghail, Máire Ní Mhaolábhaill, Méabh Ní Mhonacháin, Nora Ní Mhongáin. Freastalaíonn dáréag díobh ar Scoil Bhreandáin na hEachléime, buachaill amháin ar SN Chorrchloch agus déagóir amháin ar Choláiste Bhreandáin Naofa i mBéal an Mhuirthead (atá ina hiarscoláire de chuid na hEachléime). Tá moladh mór millteach ag dul do na páistí seo go léir, mar aon lena gcuid tuismitheoirí agus a gcuid múinteoirí scoile, ceoil agus amhránaíochta as a gcuid tacaíochta agus spreagtha. Nár laga Dia iad.

Tugann ócáidí cosúil le Ceol an Gheimhridh deiseanna do na páistí cur lena gcuid foghlama agus forbartha sna healaíona traidisiúnta teangabhunaithe, chomh maith le tógáil ar a gcuid féin-mhuinéine agus a scileanna cur i láthair. Deis iontach a bhí ann, leis sin, saibhreas oidhreachta na hEachléime agus na Gaeltachta seo a léiriú.

Ardú croí ar fad a bhí ann a bheith ag éisteacht leofa go léir agus iad ag canadh leaganacha áitiúla d'amhráin mhóra na Gaeltachta seo (amhráin cháiliúla cosúil le Sail Óg Rua agus Sadhbh Ní Mhonghaile) agus amhráin thraidisiúnta eile go binn (Seán Ó Loinn, An Cailín Álainn, Tá Dhá Ghabhairín Bhuí Agam, ina measc).

D'éirigh thar cionn le fonnadóirí óga na Gaeltachta seo agus 6 dhuais ar fad tugtha leofa ag páistí na hEachléime i gcomórtais amhránaíochta ar an sean-nós;

- Méabh Ní Mhonacháin, Cara Ní Ghiollabháird, Nora Ní Mhongáin (céad, dara agus tríú háit faoi seach sa chomórtas amhránaíochta ar an sean-nós faoi 11 bliain)
- Fionn Ó hIarbháin agus Paddy Ó hIarbháin (roinn siad an dara háit sa chomórtas amhránaíochta ar an sean-nós, 11-14 bliain)
- Aoibhinn Ní Mhonacháin (an chéad áit sa chomórtas amhránaíochta 11-14 bliain)

Bhí lá maith ag cainteoirí Gaeilge na hEachléime chomh maith. D'éirigh le Máire Ní Mhaolábhaill an chéad áit a bhaint amach san aithriseoireacht faoi 11 lena dán fuinneamhach 'An Damhan Alla agus an Mhíoltóg.' D'éirigh le hEimear de Róiste dhá bhonn a thabhairt léi ar an lá, an chéad áit sa chomórtas scéalaíochta (faoi 11) agus an tríú háit san aithriseoireacht. Nach iontach go deo iad.

Is mór againn na héachtaí seo go léir a cheiliúradh agus a thréaslú arís le rannpháirtithe na Gaeltachta seo. Lá mór a bhí ann i saol na ndaoine óga seo agus 9 nduais ar fad tugtha leofa ag páistí na Gaeltachta seo. Ba mhaith linn ardmholadh agus buíochas speisialta a ghabháil leis an múinteoir amhránaíochta, Síle Uí Mhongáin, atá ag tabhairt faoi chlár amhránaíochta ar an sean-nós i scoileanna Gaeltachta Iorrais le díograis agus le dúthracht agus a bhuí le tacaíocht ó scéim Neartú Ealaín na Gaeltachta atá á comhordú ag Gaeilge Iorrais ó 2020.

## **Great day for children from Gaeltacht Iorrais at Fleadh Cheoil Mhaigh Eo**

Gaeilge Iorrais would like to offer heartiest congratulations and a huge round of applause to all the children from our Gaeltacht area that took part in *Ceol an Gheimhridh* on 20th January 2024. This Comhaltas Ceoltóirí Éireann Mhaigh Eo event was held in Swinford by host branch CCÉ Mhichael Davitt.

A total of five boys and nine girls took part in various competitions across different age groups at this event (*sean-nós* singing, recitation, storytelling and traditional music). These fourteen young members from CCÉ Craobh Chlann Lir branch in Gaeltacht Iorrais range in age from 7 to 13 years old and are currently in various classes from 1st class in Scoil Bhreandáin, Eachléim to 1st year in Coláiste Bhreandáin Naofa Béal an Mhuirthead.

Huge congratulations to all competitors from our Gaeltacht area; Caolán Ó Monacháin, Fionn Ó hIarbháin, Jamie Ó Ciaráin, Paddy Ó hIarbháin, Seán Ó Monacháin, Alyssa Ní Fhearghaill, Aoibhinn Ní Mhonacháin, Ava Ní Fháthaigh, Cara Ní Ghiollabháird, Eimear de Róiste, Lauryn Ní Fhearghaill, Máire Ní Mhaolábhaill, Méabh Ní Mhonacháin, Nora Ní Mhongáin. Twelve of these children attend Scoil Bhreandáin na hEachléime, one boy attends SN Chorrloch and one teenager attends Coláiste Bhreandáin Naofa in Béal an Mhuirthead (also a former student of Eachléim). All these children, together with their parents and their school, music and singing teachers, deserve due praise. Nár laga Dia iad!

Events such as *Ceol an Gheimhridh* give children opportunities to further their learning and development in traditional and Irish language based arts, as well as building on their self-confidence and performance skills. It was also a great opportunity to showcase the rich linguistic and musical heritage of Eachléim and our wider Erris Gaeltacht area.

The young *sean-nós* singers from our Gaeltacht area were very successful on the day and won a total of 6 prizes in *sean-nós* singing competitions;

- Méabh Ní Mhonacháin, Cara Ní Ghiollabháird, Nora Ní Mhongáin (first, second and third place respectively in the under-11 *sean-nós* singing competition)
- Fionn Ó hIarbháin and Paddy Ó hIarbháin (shared second place in the *sean-nós* singing competition for 11-14 year olds)
- Aoibhinn Ní Mhonacháin (first place in the singing competition for 11-14 year olds)

It was truly heart-warming to listen to all the children singing local versions of renowned songs from our Gaeltacht area (songs such as *Sail Óg Rua*, *Sadhbh Ní Mhongaile*) and other traditional songs (including songs such as *Seán Ó Loinn*, *An Cailín Álainn*, *Tá Dhá Ghabhairín Bhuí Agam*).

· Gaeilge Iorrais · f/ch Chomharchumann Ionad Deirbhile · An Eachléim · Co. Mhaigh Eo ·

Tá Gaeilge Iorrais maoinithe ag Údarás na Gaeltachta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht.



The young Irish speakers of Eachléim had a great day also. Máire Ní Mhaolábhaill secured first place in the under 11 recitation category with her performance of the poem 'An Damhan Alla agus an Mhíoltóg.' Eimear de Róiste took home two medals on the day; first place in the storytelling competition (under 11) and third place in recitation.

We are delighted to celebrate this great level of participation and all these achievements. Gaeilge Iorrais would like to congratulate each and every competitor from our Gaeltacht area once again. It was a momentous day for Gaeltacht Iorrais last Saturday and a total of 9 prizes were won by local children.

We would also like to give special thanks and praise to the *sean-nós* singing teacher, Síle Uí Mhongáin, who is undertaking a *sean-nós* singing program in Gaeltacht scheme schools in Erris with enthusiasm and dedication. This *sean-nós* singing program is funded by *Ealaín na Gaeltachta* Neartú scheme which is coordinated by Gaeilge Iorrais since 2020.

· Gaeilge Iorrais · f/ch Chomharchumann Ionad Deirbhile · An Eachléim · Co. Mhaigh Eo ·

Tá Gaeilge Iorrais maoinithe ag Údarás na Gaeltachta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht.